CINNEADH (AE) 2023/1560 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2023

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Stáit Aontaithe Mheiriceá le haghaidh comhaontú maidir le slabhraí soláthair do mhianraí criticiúla a neartú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an caidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta is leithne agus is doimhne ar domhan ag an Aontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM') agus tá a ngeilleagair comhtháite go mór.

(2) An 16 Lúnasa 2022, d'achtaigh SAM an tAcht um Boilsciú a Laghdú, lena leasaítear, i measc nithe eile, Roinn 30D de Chód Ioncaim Intíre SAM (an 'Creidmheas d'Fheithiclí Glana'). In éagmais comhaontú cuimsitheach saorthrádála idir an tAontas agus SAM, trí chomhaontú spriocdhírithe maidir le mianraí criticiúla a thabhairt i gcrích, ba cheart go n-áireofaí mianraí criticiúla ábhartha a eastósctar nó a phróiseáiltear san Aontas chun críocha cheanglais an Chreidmheasa d'Fheithiclí Glana a chomhlíonadh.

(3) Sa bhreis ar shlabhraí soláthair AE-SAM a chothú i mianraí criticiúla a bhfuil gá leo chun ceallraí feithicle leictrí a tháirgeadh, ba chéim nua é comhaontú spriocdhírithe maidir le mianraí criticiúla a thabhairt i gcrích chun an caidreamh eacnamaíoch idir an tAontas agus SAM a leathnú agus a dhoimhniú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú maidir le mianraí criticiúla a thabhairt i gcrích le SAM,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Stáit Aontaithe Mheiriceá le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slabhraí soláthar mianraí criticiúla a neartú.

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Seolfaidh an Coimisiún caibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála dá bhforáiltear in Airteagal 207(3), an triú fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES